# Scéal, Scéal, Scéal...

17 Lúnasa 2023 || Eagrán 160

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.

## Nóta ón Oifigeach Pleanála Teanga

**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le breis agus trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Is pointe eolais agus foinse taitnimh é *Scéal Scéal Scéal...* agus ba bhreá linn dá mbeadh ionchur ag an bpobal ann. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil agus a phlé. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**







# OCPT AG TEASTÁIL!


**Tá folúntas in oifigí Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ó d'aistrigh Aoife Ní Chonghaile chuig a cuid cúraimí nua le hEalaíon na Gaeltachta, mar sin tá oifigeach cúnta nua le ceapadh. Beidh an té a cheapfar ag obair i gcomhar leis an Oifigeach Pleanála Teanga Katie Ní Loingsigh, le tacú léise agus le Bord Stiúrtha an Fhóraim Plean Teanga Chois Fharraige a chur chun cinn. D'fheilfeadh an post seo do dhuine fuinniúil, spreagúil, cruthaitheach a bhfuil an-eolas aige/aici ar shaol na Gaeilge agus na Gaeltachta. Ní mór don té sin ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh a bheith aige/aici dar ndóigh, chomh maith le cleachtadh ar a bheith ag obair i bpáirt le daoine eile le tograí a chur i gcrích. Ba mhór an buntáiste taithí ar chúrsaí idirlín, meáin shóisialta agus cúrsaí cumarsáide. Conradh trí bliana, ar féidir cur leis, atá i gceist. In oifigí an Fhóraim i sráidbhaile an Spidéil a bheas an té seo lonnaithe ach beidh sí/sé amuigh go rialta i measc an phobail i gCois Fharraige ar fad ó Ros a' Mhíl go dtí na Forbacha ag tacú le grúpaí agus le heagrais atá ag cur bearta agus imeachtaí an Fhóraim chun cinn. Is féidir tuilleadh sonraí faoin bpost a fháil ach glaoch ar 086-2732279 nó scríobh chuig ptchoisfharraige@gmail.com Is é an 21 Lúnasa 2023 an spriocdháta le cur isteach ar an bpost. Is féidir teacht ar an bplean teanga ag www.coisfharraige.ie**



# FÉILE NA BHFLAITHEARTACH

Beidh Féile na bhFlaitheartach ar siúl ar an 26 + 27 Lúnasa. Ar chlár na Féile, beidh imeacht faoi chrochadh clocha, mar a chuirtear síos air i scéal Liam Uí Fhlaithearta ‘The Stone’ nó ‘Cloch Nirt’. Is ar chosán idir Gort na gCapall agus Port Bhéal an Dúin ar an gcósta a bheas an ócáid seo ar siúl ag suíomh darbh ainm ‘An Mullán’. Seosamh Ó Cuaig a bheas ina chathaoirleach ar an ócáid seo áit a bheas gearrscéal Uí Fhlaithearta á léamh i nGaeilge agus i mBéarla ag Eimear Ní Dhonnchadha agus Luke Ó Floinn. Ina dhiaidh sin crochfaidh David Keohane an mullán - bollán eibhir 173kg - agus déanfaidh an Dr Conor Heffernan, píosa cainte faoin traidisiún ársa a bhaineann le crochadh clocha. Tabharfaidh Micheál Ó Conghaile príomhléacht na féile - “Translating Liam O’Flaherty’s Short-stories - Ag Aistriú Gearrscéalta le Liam Ó Flaithearta.” Leanfaidh an phríomhimeacht le taispeántas grianghrafanna suntasacha de Phegeen agus Liam Ó Flaithearta as bailiúchán pearsanta Phegeen. Chomh maith le sin, léireofar an scannán ‘An Chéad Laoch’ le linn an Féile i nGairmscoil Éinne, Cill Rónáin. Beidh seisiún ceoil agus amhránaíochta, Tí Joe Mac ina dhiaidh. Labhróidh an staraí agus iriseoir Aindrias Ó Cathasaigh ag ócáid thraidisiúnta meán lae na Féile ar an Domhnach (12.30) i dTí Joe Mac. Seolfar Féile na bhFlaitheartach Dé Sathairn 26 Lúnasa ag 12.15 i dTeach Chill Mhuirbhí. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le: Éamon Ó Ciosáin, eociosain@gmail.com, 086 079 8268





# FOLÚNTAIS AG AN MBOGHA CEATHA

**Tá an Bogha Ceatha ag glacadh le hiarratais faoi láthair do phost mar oibrí iarscoile agus club bricfeasta. Tosaíonn an seal oibre @ 7:30r.n. nó 9r.n. go dtí am lóin (1i.n.) nó 5:30i.n. ó Dé Luain - Dé hAoine. Tá sé riachtanach go bhfuil Gaeilge ag iarrthóirí. Tá sé tábhachtach go bhfuil iarrthóirí paiseanta faoi obair foirne agus go bhfuil suim acu a bheith ag obair le gasúir. Bheadh sé iontach dá mbeadh oiliúint gharchabhrach ag iarrthóirí ach níl sé riachtanach don phost agus níl aon cháilíochtaí ag teastáil. Le cur isteach ar an bpost, is féidir CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig oifig@boghaceatha.com Tá postanna lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil ag an mBogha Ceatha freisin. Tá Gaeilge líofa agus cáilíochtaí QQI/FETAC Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 i gCúram Leanaí ag teastáil.**

# TAISPEÁNTAS CHOIS FHARRAIGE 2023

**Beidh Taispeántas Chois Fharraige na bliana seo ar siúl ar an Domhnach 3 Meán Fómhair. Is iomaí comórtas a bheas ar siúl le linn an Thaispeántais - le cúrsaí grianghrafadóireachta, ealaíne agus ainmhí san áireamh. Is féidir foirm iarratais do na comórtais a fháil ó Thigh Slemon, sna Forbacha, Texaco sa Spidéal agus ag an gComhar Creidmheasa in Indreabhán. Glacfar le hiarratais go dtí 30 Lúnasa. Le tuilleadh eolais, moltar súil a choinneáil ar an gcuntas Facebook: 'Taispeántas Chois Fharraige'.**

Taispeántas
Chois Fharraige

# COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA

Scríobh aiste (500 focal) dar teideal
**'Lá an Seó'** maidir le Taispeántas Chois Fharraige

Aois: **13-18**
Spriocdháta: **Dé Luain 28 Lúnasa @ 12**

An Chéad Áit: **Dearbhán €50**
An Dara hÁit: **Dearbhán €30**
An Tríú hÁit: **Dearbhán €20**

Is féidir d'aiste a sheoladh chuig:
**tcfteo@gmail.com**

Taispeántas Chois Fharraige

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**Tá comórtas á reáchtáil ag Taispeántas Chois Fharraige, i gcomhpháirt le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga le daoine óga a mhealladh le bheith páirteach sa taispeántas. Tá an comórtas oscailte do dhaoine óga idir 13-18. 'Séard atá le déanamh ná aiste a scríobh maidir leis an taispeántas, darbh ainm 'Lá an Seó'. Glacfar le hiarratais suas go dtí Dé Luain 28 Lúnasa. Is feidir d'aiste a sheoladh chuig tcfteo@gmail.com Bronnfar dearbháin ar na buaiteoirí. Go n-éirí libh!**

# CEOLTÓIRÍ ÓGA CHOIS FHARRAIGE AG FLEADH CHEOIL NA HÉIREANN

D'éirigh go hiontach le Ceoltóirí Óga Chois Fharraige ag Fleadh Cheoil na hÉireann i mbliana. D'éirigh le baill an ghrúpa duaiseanna iontacha a thabhairt abhaile leo ó Mhuileann gCearr, le cúpla lá anuas. Tháinig Éabha Ní Chonghaile, Baile an tSléibhe, An Spidéal, sa dara háit agus Neasa Nic Dhonncha as Ros an Mhíl sa tríú háit sna comórtais sean-nóis agus chroch Déithín Ní Fhátharta, Na hAille, léi an chéad áit sa gcomórtas pianó. Sa bpictiúr leis na ceoltóirí óga tá Róise Ní Mhurchú, Doire, a chroch léi an duais don chéad áit sna hamhráin. Comhghairdeachas ó chroí le ceoltóirí óga s'againne agus leis na ceoltóirí agus amhránaithe uilig a ghlac páirt sa bhFleadh.

COMHALTAS





# CÓISIR CHEOIL AG AN GCEARDLANN

Beidh Cóisir Cheoil i gCeardlann an Spidéil ar an Satharn 19 Lúnasa! Is iomaí ceoltóir iontach a bheas le cloisteáil ann le Ceoltóirí Óga Chois Fharraige, Na Rógairí agus Tadhg Mac Dhonnagáin ina measc chomh maith le Na Fíréin a thiocfaidh chun stáitse ag 4i.n. agus Ruairí Mac Con Iomaire a chuirfidh tús lena sheit féin ina dhiaidh sin. Tiocfaidh na ceoltóirí uilig le chéile thart ar 3:15 le seisiún a dhéanamh i dteannta a chéile. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le 091 553 343

# DRÁMAÍ RAIDIÓ 'GAELPRO'


Craoladh drámaí raidió Gaeilge nua le gairid agus tá ceann eile le teacht fós! Is duaisiarrachtaí de chuid Chomórtais Liteartha an Oireachtais 2022 iad na drámaí. Ina measc tá; 'Póilíní Móna' le Gabriel Rosenstock a craoladh ar an 16 Lúnasa; 'An Robálaí' le Ray Mac Mánais a bheas le cloisteáil ar an 23 Lúnasa agus 'Bíobla don Bheirt Againn' le Majella Ní Dhomhnaill a craoladh ar an 9 Lúnasa. Is é an drámadóir agus scríbhneoir, Cathal Póirtéir a léirigh na drámaí seo agus bhí buíon iomráiteach aisteoirí rannpháirteach sa tionscadal freisin. Tá na drámaí á chraoladh ar an stáisiún pobail, Phoenix FM (92.5), a bhuaigh Gradam Chumarsáide an Oireachtais do 'Chlár Gaeilge na Bliana ar Stáisiún Pobail' i 2022.

# GRADAM FOILSITHEOIREACHTA 2023 : NA GEARRLIOSTAÍ

Fógraíodh na leabhair atá ainmnithe ar na Gearrliostaí do Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta), Gradam Réics Carló (Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg), agus Gradam de Bhaldraithe (Leabhar na Bliana do shaothar aistrithe go Gaeilge ó theanga eile), ar Iris Aniar, le gairid. Ainmníodh Barzaz; Cló Iar-Chonnacht; Futa Fata agus Leabhar Breac, atá lonnaithe i gCois Fharraige ar an ngearrliosta. Déanann muid comhghairdeas leis na tithe foilsitheoireachta, na scríbhneoirí, na haistritheoirí agus na maisitheoirí go léir atá ainmnithe ar ghearrliostaí na bliana seo. Fógrófar na buaiteoirí ag searmanas speisialta ag deireadh mhí Mheán Fómhair.






# BIG MAGGIE AG AN TAIBHDHEARC

Beidh 'Big Maggie' á léiriú sa Taibhdhearc ar an 15 & 16 Meán Fómhair. Léiriú de chuid Cumann Drámaíochta Chois Fharraige atá ann, do scéal cáiliúil John B Keane, atá aistrithe go Gaeilge ag Bridie Ní Churraoin. Léiríodh Big Maggie i mí Márta na bliana seo i Sheanscoil Sailearna agus d'éirigh go hiontach leis. Tá costas €15 ar thicéad agus cuirfear tús leis an seó @ 8i.n. Is féidir ticéad a cheannach ar líne nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Taibhdhearc ag 091 399277 le ticéad a cheannach nó le breis eolais a fháil.




# MO MHÁLA LEABHARLAINNE BEAG

Tá an scéim 'Mo Mhála Leabharlainne Beag' ar ais arís i mbliana le cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do ghasúir na hÉireann agus iad ag tabhairt aghaidh ar an scoil don chéad uair. Scéim de chuid Leabharlanna na hÉireann atá ann le suim agus grá na léitheoireachta agus na litríochta a spreagadh i measc an aosa óg, agus tá na málaí ar fáil saor in aisce, ó do leabharlann áitiúil. Le dul in éineacht leis an mála, do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge líofa acu, tá gluaiseanna ar fáil freisin. Le níos mó eolais a fháil is féidir cuairt a thabhairt ar do leabharlann áitiúil.



# FOLÚNTAS AG POTA

Tá POTA sa tóir ar dhuine fuinniúil agus díograiseach le bheith mar chuid dá bhfoireann mar bhainsteoir urláir. Táthar sa tóir ar dhuine a chuirfidh le heispeiréas a gcuid custaiméirí agus a chabhróidh leis an bhfoireann an freastail a dhéantar orthu a fhorbairt agus a fheabhsú. Uaireanta lae atá i gceist agus beidh tuarastal iomaíoch ar fáil, ag braith ar thaithí. Is féidir teagmháil a dhéanamh le potacafe@gmail.com le tuilleadh eolais a fháil faoin bhfolúntas.




# CLUB SCRÍBHNEOIREACHTA CHOIS FHARRAIGE

Cuirfear tús le Club Scríbhneoireachta i gCois Cuain, sa Spidéal go luath. ‘Sí Máire Uí Dhufaigh a bheas á threorú. Tá fáilte roimh scríbhneoirí nó daoine le suim acu sa scríbhneoireacht, atá ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi, cúrsaí cruthaitheacha a phlé agus scéalta a roinnt ar bhealach sóisialta agus taitneamhach. Cuirfear tús le cúrsaí ar an 13 Meán Fómhair @ 7:30 Is féidir níos mó eolais a fháil ó Mháire ag 086 822 0272.

# AISTEOIRÍ AG TEASTÁIL

Tá aisteoirí ag teastáil do shiút a bheas ar siúl i mí Dheireadh Fómhair agus Nollaig i nDún na nGall. Tá an comhlacht léirúcháin ag iarraidh cloisteáil ó aisteoirí de gach aois agus inscne. Níl taithí aisteoireachta riachtanach. Le suim a léiriú is féidir teagmháil a dhéanamh le aine@aineosullivancasting.com le d'ainm, d'aois, an áit a bhfuil tú lonnaithe, grianghraf agus CV aisteoireachta.

